Ag Bailiú Sméara

Lá breá gréine a ḃí ann. Ḃí spéir ġorm ós ár gcionn agus néallta beaga bána ag snáṁ go leisciúil trasna ṫuas. Nuair ḋúisiġ mé an lá aoiḃinn seo ċuiṁniġ mé láiṫreaċ ar an socrú a ḃí déanta againn don lá — ag bailiú sméara. Ḃí an lá an-oiriúnaċ don ġnó seo.

Nuair a ḃí lón breá réiḋ ag mo ṁáṫair, ṡrois mo ċáirde an teaċ. Triúr acu a ḃí ann.

I gceann tamall ḃig i ndiaiḋ sin ḃogamar ċun ḃóṫair. Níorḃ ḟada go raiċ an ċaṫair fágṫa i n-ár ndiaiḋ agus aer úr na tuaiṫe á ṡú isteaċ againn.

Ar gaċ taoḃ dínn ḃí na h-éin ag cantan go binn. Ḃí na drisleóga ag lúbaḋ fé na sméara breáṫa móra duḃa. Ḃí na páistí beaga ag súgraḋ agus ag béicíl in árd a gcinn is a ngúṫa sna páirceanna.

Ṫart fán aon-déag a ċloġ ṡroiseamar an gleann. Gleann an ḃeag atá ann aċ tá cliú agus cáil air sa ḃaile ṁór mar ġeall ar sméara luḃa. Ar an bpointe boise, ṫosnaíomar. Ḃí na mílte daoiḃ i ngaċ aon áit agus is ar éigean a ḃíomar i ndan leaṫ na sméar d'ḟáil.

Ḃí bata mo ṡean-aṫair againn agus ċaḃraiġ sé sin linn na cinn is áirde d'ḟáil. Ḃí cuid mór acu naċ raiḃ aibiḋ fós aċ ḃí a ḃfurmór go bog duḃ. Ba ġearr go raḃamar duḃ go cluasa agus go raiḃ ár láṁa go h-an niṁneaċ leis na mílte dealgna.

Timpeall leaṫ uair indiaiḋ a 2 a ċloġ ḃreaṫnaíomar go mbéaḋ lón againn. Ḃaineamar na ciseáin de na róṫair agus níorḃ ḟada go raiḃ gaċ rud leagṫa os ár gcoṁair amaċ. Ḃí toġa gaċ biḋ agus seana gaċ di ann. D'iṫiomar agus d'ólamar ár ndoṫain mór.

Ṫosnaíomar arís ag piocaḋ. Ḃí cúpla canna lán againn tar-éis tamaill agus dúramar linn féin go raiḃ an iomarċa againn. Ṫart fá trí a ċloġ d'ḟágamar an gleann.

Nuair a sroiseamar an teaċ luíomar síos ar na leabaċa, ḃí an oiread sin tuirse orainn. Aċ mar sin féin ḃaineamar an taiṫneaṁaċ as an lá agus ar dul isteaċ san leaba an oíċe sin dom dúirt mé liom féin go raiḃ iomċlár na ḃfírinne sa sean sean-focal, "An rud is annaṁ is iontaċ."

Mairtina Ní Ċaḃain, Cloċar na Trócaire, Roscomáin.

Lá Breiṫe Aoiḃinn

do léiṫeoirí óga an tseaċtain seo

Saṫarn 16ú — Traolaċ Ní Coiliġ, Raṫ an Ġairdin, Ceanannus Mór.

Doṁnaċ 17ú — Laoiseaċ Ní Ṁuirġeasa, 55 Ardán Ḃaile Ṗilib, Fionnraḃarc, Ḃaile Áṫa Cliaṫ.

Luan 18ú — Máiréad Ní Ṁaṫúna, 33 Glidswood Ave., Ḃaile Áṫa Cliaṫ; Máire Ní Sioráin, Caisleán Cnoca, Ḃaile Cliaṫ; Máire Ní Eoċlain, 6, Ḃr. Calraí, Ḃaile Áṫa Cliaṫ.

Márt 19ú — Brian Mac Donnċaḋa, 4 Sr. Ḃectin, Ceanannus Mór.

Ceadaoine 20 — Gearóid Ó Laoi, Cinn Torc, Iarṁiḋe.

Aoine 22ú; Bríd Ní Ḃuarcain, Martraí, Ceanannus Mór; Sineád Ní Loinsiġ, Lios Bríde, Roscomáin; Máirtín Ó Corraí, 16 Ḃeaumont, Dromconnraċ, Ḃaile Áṫa Cliaṫ.

An Cat as an Mála

Aṫair (le freastálaí) — Fill suas an ḟeoil fágṫa sin i bpáipéar don ṁada.

Mac óg: Ó, a Ḋeaidí, is maiṫ sin. Is maiṫ go ḃfuilimid ag fáil mada!

Leaṫnaċ na nÓg

Spreagaḋ don Óige

An tseaċtain seo caite, ḃí mé ag caint faoi Daonscoltaċa na Danṁairge agus an dóiġ a dtug siad spreagaḋ agus cuspóir nua do aos óg na Danṁairge, taréis an náisiún a ḃeiṫ in éadóċas nuair a ċaill siad cúigí don Ġearmáin, agus gurḃ' iad na daonscoltaċa seo a leag an dúṡraiṫe fá ċoinne dul ċun cinn iontaċ na Danṁairge, agus go speisialta feilméaraċt na Danṁairge, san lá inniu.

Dúirt mé ag deireaḋ, go raiḃ a leiṫéid céanna de scoltaċa againn in Éirinn le breis agus leaṫ-ċéad bliain, mar ḃí Coláistí Gaeilge na Gaeltaċta, a ḃí ag déanaṁ an cineál céanna oibre agus a rinne Daonscoltaċa na Gearmáine. Agus ansin, d'ḟágamar ceist gan freagairt —cad é an tionċar a ḃí ag na scoltaċa seo ar na scoláirí. Agus d'ḟágamar an ċeist sin don tseaċtain seo.

Is ceist í atá furast' a réiteaċ. An ċuid is mó de na daoine a rinne gníoṁ mór, agus a ndeaċa a dtionċar i ḃfeiḋm ar Glúin na Saoirse in Éirinn, ḃí baint acu leis na Coláistí Gaeilge.

Ḃí Mac Easmain, agus an Piarsaċ féin, páirteaċ i gColáiste Ulaḋ, Cloiċeannaola, agus beagnaċ gaċ duine a rinne a ṁarc imeasc Trodairí na Saoirse, ḃí ceangal aige le Coláiste Gaeilge éigin.

Agus lean an spreagaḋ sin, ní hé in Aimsir an Ḟéiḃinn agus Cogaḋ na Saoirse, aċ anuas go dtí ár n-am féin agus ċuaiġ an spreagaḋ i ḃfeiḋm, ní hé aṁáin i gcúrsaí troda, aċ i ċuile ċúrsa a ḃain le leas an náisiúin seo.

Na daoine is airde a ċuaiġ in gaċ gné den saol náisiúnta agus obair an náisiúin, ba daoine iad a fuair an spreagaḋ os na coláistí seo. Idir filí, mar Ṁáire Mac an tSaoi. agus scríḃneoirí na Gaeilge, a d'ḟoġlaim a gceird ansin, nó daoine a ḃain cliú ⁊ árd-réim amaċ dióḃṫa féin i ngnéiṫe eile don saol. Nuair a ḃí an Gineáral Seán Mac Eoin ina ḃPríoṁ Ċeannaire, ar Arm na Náisiún Aontaiṫe, sa Ċongo, ḃí beirt dá ċlann, ar Ċoláistí Gaeilge i nDún na nGall. Agus an duine atá anois mar ċoṁarba ar Naoṁ Pádraig. agus mar Ṗrionnsa don Eaglais in Éirinn, is iar-scoláire é do na Coláistí Saṁraiḋ i nDún na nGall, ċoṁ maiṫ.

Agus an fear a ċeap, agus a d'eagraiġ an dá plean forbairt geilleagraċ don tír seo, an tUasal Whittaker, ḃí ceangal dlúṫ aige le Coláiste Gaeilge Ḋún na nGall.

Gan aṁras ar biṫ, is fíor a rá gurḃ iad na Coláistí Gaeilge ⁊ go h-áiṫrid Coláistí na Gaeltaċta. a ṁúnlaiġ an saol mar atá sé againne, inniu, agus a ċuir ar fáil na daoine a ḃí in ann treoir agus tús graiṫe a ṫaḃairt don náisiún.

Is amaideaċ do Ḃéarlóirí a ḃeiṫ ag caint faoi na Folk Schools, a ċur ar ṡiúl in Éirinn, mar tá na scoltaċa sin againn le leiṫċéad bliain, agus iad ag déanaṁ gnó ar son an náisiúin seo go fiúntaċ agus go h-éifeaċtaċ.

Comórtaisí na Seaċtaine seo:

Sóiséar:

Turas an Pápa ar na Náisiúin Aontaiṫe.

Sinsir:

Cuirtear deireaḋ le Cogaiḋ.

Sciṫ ag Poll a' Ṁadaiḋ taréis siúlóide.

"Gairm"

Is taiṫneaṁaċ an eagrán seo de "Gairm", iris-leaḃar ó Ġaeltaċt na hAlban. Tá dréaċt ana ṡuimiúil ar an Seanċáiḋ, le Cailín Mac Coinniċ. Píosa an speisiúil ar fad ar Ḃanais Innse Gáll, 1900, le Tormad Mac Leóid. Aistriú ar gearrscéal le C. Ó Ruairc, ann fosta. Tá dán deas ann le Dónal Mac Aṁlaiġ, aċ ní hé an Dónal Mac Aṁlaiġ, s'againne é. Agus mórán dréaċtanna suimiúla eile. Is fiú do Ġaeilgeoir ar biṫ é léaṁ, ní ċosnaíonn sé aċ 3s. an t-eagrán agus féadfaiḋ tú bealaċ réasúnta a déanaṁ trid gan eolas ar leiṫ ar Gailic na hAlban ar ċor ar biṫ.

Ceist Agam Ort

"Cé'n ḟaid a ḃí tú i Meiricea? an ċeist a cuireaḋ ar ḟeilmeoir a ċaiṫ tamall an-ġoirid ṫall i Meiricea agus ḃí sé goilliúnaċ go maiṫ mar ġeall air fosta. Go mall smaointeaċ ṫáiniġ an freagra ar an ċeist. "Ḃí mé ċúig troiṫe deiċ n-orlaí"

Cupón

Amáraċ

15-10-65.

Coṁarsa (le gasúr óg): Caidé mar tá tú a Ḃillí?

Billí—Go breá, slán a ḃéas tú féin!

Coṁarsa — Cé'n dóiġ ar ċaill tú do ḟiacail ó ḃí mé ag caint leat inne?

Billí — Ag aṫrú fearais ar lollipop!

— — — —

Tré-na-Ċéile

Ċeistiġ an ṁáṫair a mac óg sé mbliain go h-imníoċ. "Cá raḃ tú le cúpla uair?" "Ó, a mámaí," ar seisean, "ḃí mé ag cur i gcéill gur fear an poist mé agus ṫug mé amaċ litreaċa dáiríre do na tiṫe uiliġ sa tsráid seo." "Agus faoi ṫalaṁ an doṁain cá ḃfuair tú iad?" arsan ṁáṫair. "Sean litreaċa b'ea iad, arsan buaċaill go soineannta, ⁊ fuair mé iad ceangailte suas le ribín gorm istiġ id' ṫarraingeánse, ṫuas an stáiġre!"

— — — —

Síle: An ndrann d'ḟear céile mórán fá na ċéad ḃean?

Bríd — Ba ġnáċ leis — gur léiġis mé é.

Síle—Conas?

Bríd — Ṫosaiġ mé ag caint fá mo ċéad ḟear céile eile!!

— — — —

Moḋ Díreaċ

Fear nua-pósta — Tá dúil agam go ḃfuil tú ábalta teaċ a ċoinneáilt agus cócaireaċt a déanaṁ?.

An Ḃrídeoġ — Gan aṁras tá mé. Ṫeagasc mo ṁáṫair mé inné!!

— — — —

Séamas — D'ḟág mé buidéal uisce beaṫa im' ḋiaiḋ sa traen maidin inniu.

Seán — Ar cuireaḋ isteaċ san oifig, 'Caillte agus Fáiġte' é?

Séamas — Níor cuireaḋ leoga. Aċ an t-amadán a fuair an buidéal cuireaḋ isteaċ é!!

— — — —

An Cat as an Mála

Ḃí na páistí ag troid as ag marú a ċéile sa seomra stuidéir nuair a ṡiúil an t-aṫair isteaċ ċuca. "A Ṁáirtín," arsan t-aṫair, "cé ċuir tús le seo? "Ḃal a Ḋeaidí," arsa Máirtín leis, "Ṫosaiġ sé uiliġ nuair a ḃuail Seán arais mise!"

— — — —

Fás Aon Oíċe

Ḃí traen ag dul ar agaiḋ go h-an ṁall ar fad mar ġeall ar ḃroċ ġual. Stad sé ag gaċ stáisiún agus leaṫ-ḃealaí eatorra go mion minic. Ṫáiniġ cigire 'un tosaiġ ansin, agus dúirt gur ṁaiṫ leis an ticéidí a ḟeiceáil. "Ní ṫig leis an gasúr seo taisteál ar leaṫ-ċostais," arsa seisean le bean aṁáin sa ċarráiste, "tá sé ró-ṁór ar fad. "Ḃéidir go ḃfuil anois," arsa sise, "Aċ ḃí sé beag go leor nuair a ṫosaiġ muid ar an aistear seo!

— — — —

Cur Isteaċ nó Cur i gCéill

Cé'n fáṫ nár ṡocraiġ siḃ an cás seo taoḃ amuiġ den Ċúirt?" arsan Ḃreiṫeaṁ.

"Sin díreaċ an rud a ḃíomar ag ḋéanaṁ, nuair a ċuir an gárda fiosraċ seo a ṡrón isteaċ orainn a Ḃreiṫeaṁ," arsan cosantóir.

— — — —

Máistir — Cé'n fáṫ a ḃfuil tú mall a Ḋónaill?

Dónall — A ṁaistir, le do ṫoil, ḃí sé mall nuair a d'ḟág mé an ḃaile.

Máistir — Aċ cé'n fáṫ nár fág tú an baile go luaṫ?

Dónall — Le do ṫoil. a ṁáistir, ḃí sé ró-ṁall leis an ḃaile a ḟágáil go luaṫ!

Ag Bailiú Sméara

Amaċ linn faoin dtuaiṫ ag bailiú sméara mé féin agus Eiḃlín. Ḃí orainn siúl beagnaċ trí míle sula ḃfacamar iad, aċ b'álainn an raḃarc ar an mbealaċ. Ḃí teas ón ngréin, aoiḃneas san aer, agus spéir ġlan gan smúit gan ceo. Ḃíomar múcta marḃ leis an mbaile mór agus sin é an fáṫ a ndeaċamar ag bailiú sméara.

Ḃí na héin ag cur a gcroí amaċ le near ceoil. Ḃí na hainṁiṫe agus iad ag inior sna páirceanna fé scáṫ na gcrann. Ḃí boige agus beaṫa sa ġaoṫ ḃog agus déanta na fírinne níl aon rud ċoṁ maiṫ leis an aer glan, úr ċun an ceo a ṫógaint de ċroí an duine agus beoċt a ċur ann.

Ċuamar trid páirceanna agus páirceanna agus ba ḋeas an brat féir glais a ḃí orṫu. Ḃí na mílte bláṫanna fiáin ioldaiṫe le fáil ins na ngairdíní, na páirceanna agus sna claíoċa ar taoḃ an ḃóṫair. Is iomaí claí sméara a ċonaiceamar aċ ḃí ár dtriall ar ċlaí ar a raiḃ ċinn móra, ḋuḃa. Ċromamar á bpiocaḋ ar ár ndíċeall. Líonamar an ciseán go dtí an barr agus ansin ḃí ár bpócaí folaṁ. Ċonaic Eiḃlín tuairim is sé ċinn ṫuas ar ċlaí. Ḃí an ċraḃ sméara ag luascaḋ siar is aniar. aċ ba ċuma le Eiḃlín agus ba ċuma cad a ṫiocfaḋ ġeoḃaḋ sí iad.

Suas léi ar an gclaí, aċ síos léi arís! Ċuaiġ sí suas arís agus d'éiriġ léi iad a ḟáil, aċ sciorr sí ar a ḃealaċ anuas, agus síos léi sa ċlais. Ḃí sí beo ar éigin aċ ba ċuma le Eiḃlín, ṫosaiġ sí ag gáire. Deirtear "Feiceann súil ġruama saol gruama." Ċuir an eaċtra múineaḋ uirṫi ansin mar ḃí a dóṫain aice i gcóir lá aṁáin.

Ar leisce timpiste piocamar na sméara a ḃí gar dúinn. Taréis uair a ċloiġ ḃí gaċ soiṫeaċ lán againn agus ṫugamar aġaiḋ ar an mbaile mór. Ḃí an oíċe ag teannaḋ linn agus d'ḟágamar slán ag na coillṫiḃ ḋuaiḃseaċa, ag gleantaiḃ ceo, ag aiċneaċaiḃ gléigeála, ag spéirṫiḃ duḃ-ġorma réaltógaċa, ag an ngréin órga, agus ag an Londuḃ ag contaireaċt ain ár gcluais. Is iomaí dealg a ċuaiġ isteaċ i mo láiṁ agus b'ionann cás do Eiḃlín é.

An oíċe sin agus mé i mo luí san seomra bán, idir na braitlíniḃ míne bána do ċuiṁniġ mé ar an lá b'áille do ċaiṫ mé riaṁ ag bailiú sméara.

Sioḃán Ní Longáin, Cloċar Íosa is Muire. Crois Uí Ṁaoilḟíona.